



Seosamh Ó Cuaig ar Inis Meáin, ag cuartú vótál le haghaidh thoghchán an Údarás i 1994. (pic Bob Quinn)

# Seosamh Ó Cuaig

ag caint le Una Ní Cheannabháin

mhaith acu is dream iad a tháinig isteach. *Fair play* dhóibh, d'fhoghlaim siad Gaeilge. Rinne siad iarracht mhaith i a fhoghlaím ar chuma ar bith ach tá go leor acu ina gcónaí istigh i nGaillimh. Sílim gur saol aicrne áirithe daoine atá acu.

Bíonn sé deacair i gcónaí ag dream a thagann isteach go dtí an taobh seo an sórt cultúir atá sa taobh seo a thuiscint. B'fhéidir go bhfuil an dá thaobh ann agus go mbíonn deacracht againne iadsan a thuiscint. Bhí cruinniú amháin againn lá san Údarás agus bhí siad ag caint ar mhuintir na háite a chur i gceannas ar na comhlachtaí Gaeltachta agus chuir mé ceist amháin. D'fhiafraigh mé cé mhéid duine as an nGaeltacht a bhí sa ngrád is airde san Údarás. Chuaigh muid tríd na grádanna ar fad. An grád is íle agus an dara grád is íle bhí siad lán le muintir na Gaeltachta. Tá sé ghrád ann ach nuair a chuaigh tú suas go dtí an grád is airde is é an freagra a fuair mé nach raibh an oiread agus duine amháin as an nGaeltacht sa ngrád sin. Is fadhb mhór í sin.

**CÉARD IAD NA HAIDHMEANNA A BHÍ agat ar Bhord an Údarás mar ionadaí pobail?**

Is dóigh gurbh í an aidhm a bhí agamsa i gcónaí tuilleadh cumhachta a bhaint amach don Ghaeltacht agus féachaint leis na rudaí a theastaigh ón dream as ar fáisceadh mé féin — gnáthmhuintir na Gaeltachta, más féidir an focal sin a úsáid — a chur chun cinn. B'shin í an aidhm a bhí agam i gcónaí agus a bheas go deo ach níl a fhios agam cé chomh maith is a d'éirigh liom é sin a dhéanamh. Is dóigh nár éirigh sách maith liom nuair nár éirigh liom a ghabhail ar ais ar an Údarás arís.

**An gceapann tú go dtuigeann siad siúd a bhfuil cumhacht acu san Údarás muintir Chonamara?**

Déarfainn go bhfuil daoine ionraic nó díreach san Údarás ach cheapfainn go bhfuil beagán easpa tuisceana ann. An dream atá ar ard bhainistíocht an Údarás, is as saol eile iad, seachas saol na ndaoine atá thart anseo. Cuid

curach uaidh mar a thuigfeá. Ó thaobh cúrsaí iascaireachta dhe, bhí plé mhór agam leis na gliomaigh a chur chun cinn. Chuaigh mé féin agus daoine eile go Meiriceá, d'fhoghlaim muid céard a bhí ag tarlú i Maine agus thug muid ar ais an t-eolas agus tá an rud á dhéanamh anois. Tá gliomaigh á gcur amach. Sin rudaí a bhfuil baint ag muintir na háite leo. Ach choinnigh mé súil i gcónaí freisin ar na tionscail mhóra. Bhí baint mhór agam le Telemara ar an gCeathrú Rua a choinneáil oscailte, Cnótáil Ghaeltarra i dTuar Mhic Éadaigh agus Aer Árann.

**An gceapann tú go bhfuil Conamara Thiar ag cailleadh mar nach bhfuil aon ionadaí Údarás acu tar éis an toghcháin deireanach. An bhfuil sé sin go dona don áit?**

Ní hé amháin go bhfuil sé go dona don áit ach tá sé go dona do na ceantair iargúlta ar fad. Má bhreathnaíonn tú ar an bhfostaíocht atá idir Gaillimh agus An Chreathrú Rua, tá roinnt mhaith ar bun ann. Tóg aníos ó Tigh Khit i nDoire Né go Cloch na Rón, ní hé an oiread sin atá ann agus tá na ceantair eile ar an gcaoi chéanna — ceantar na nOileán, cuir i gcás. Tá sé éasca a rá le tionsclóir monarcha a chur ar siúl in aice na Gaillimhe. Níl sé chomh héasca sin iad a mhealladh anoir go Ros Muc, go Cill Chiaráin ná go Cárma. Teastaíonn duine i gcónaí a chuirfeadh ina luí ar an dream atá i gceannas go bhfuil áiteachaí mar seo ann freisin.

Ach an chaoi a bhfuil sé faoi láthair tá an ceantar seo buailte, tá sé buailte gan duine ar an Údarás agus tá an ceantar buailte gan aon Chomhairleoir Condae. Bhíodh ionadaí poiblí sa taobh seo de Chonamara le os cionn céad bliain ach níl anois. Teastaíonn Comhairleoir Condae a chuirfeadh an ceantar seo ar bharr an liosta mar a chuireann comhairleoirí eile a gceantair féin. Ó thaobh an Údarás de teastaíonn uaim an rud a bhí mé ag iarraidh i gcónaí a chur chun cinn. Tá súil agam go gcuirfear chun cinn ar bhealach eicint é. Ní mise atá á chur chun cinn faoi láthair ach níl aon neart agamsa ar sin.

**An rithfidh tú arís?**

Níl a fhios agam. Fanfaidh mé go mbeidh sé ann arís agus feicfidh muid linn.

Tá tú anois ag obair sa seomra nuachta i Raidió na Gaeltachta. An bhfuil dearcadh difriúil agat go háirithe ó thaobh bheith ag cur agallaimh ar bhaill den Údarás? Tá tú tar éis an dá thrá a fhreastal, mar déarfá.

Bhuel, ar an nuacht náisiúnta atá mé faoi láthair. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn mé ag déanamh agallaimh le lucht an Údarás. Ach is cinnte dearfa nuair a bheas go mbeidh sé i bhfad níos éasca duine acu a thuiscint. Ní bheadh sé chomh héasca do dhaoine a bheith ag éalú ó na ceisteanna nuair a bheadh eolas agat. Ón taobh sin de cuidiú a bheadh ann. Ach i gcónaí nuair a bhínn ag cur agallaimh, chuirinn agallamh sách géar orthu, roimhe seo, sula ndeacha mé ar an Údarás ariamh. Dúirt siad féin go raibh mé féarálte go leor leo. Tá tú in ann a bheith géar ar dhaoine agus a bheith féarálte leo san am céanna. Bheinn féarálte arís ach bheadh an t-eolas níos fearr agam leis na ceisteanna a chur.

**Céard iad do thuairimí faoi Theilifís na Gaeilge?**

Tabharfaidh sé obair do dhaoine óga. Sin rud maith agus obair mhaith a bheas inti agus tá súil agam go mbeidh an iocaíocht go maith. Ó thaobh na teilifíse féin níl a fhios agam cén chaoi a mbeidh sé. Is maith an scéal go mbeidh sé



Seosamh Ó Cuaig, mar bhall de Bhord an Údarás. B'é a bhrúigh scéim deontas na gcurachaí chun cinn agus é ar an mBord.

(pic: Bob Quinn)

ar an Tulach, go mbeidh an ceanncheathrú ansin, ach an imní mhór atá ormsa faoi na cúrsaí seo uilig, céard a bheas ann le cur air? Níl mórán cainte déanta faoi sin. Agus tá an Ghaeilge beagnach imithe. Níl mórán Gaeilgeoirí ó dhúchas ag teacht chuig na scoileanna. Is le Béarla atá 90% de na gasúir á dtógáil. Tá an Ghaeilge féin chomh tanaí agus chomh

meascaithe leis an mBéarla nach fiú í a labhairt.

Is beag clár teilifíse i nGaeilge a bhfaigheann mise aon sásamh air. Mara mbítear á gcur i láthair i nGaeilge mhaith líofa níl mé in ann breathnú air, fiú amháin má bhíonn an t-ábhar réasúnta suimiúil. Má bhíonn droch-Ghaeilgeoir á chur i láthair níl mé in ann breathnú air. Bíonn fonn

orm a rá "sé an trua nach labhraíonn an bastard Béarla". Tá faitíos orm go mbeidh dream ag obair ar Theilifís na Gaeltachta mar atá cuid de na daoine atá ag obair ar na cláracha Gaeilge ar RTÉ, agus go mbeidh orm é a chasadh as chomh luath is a thiocfaidh sé air.

## Micí Ó Flatharta

An Cheathrú Rua, Conamara Fón: 091-95110

**Grósaera, Trádálaí agus Búistéir  
• Flo-Gas •**

*Go n-éirí le Féile an Phléaraca!*

## TIGH DICK

An Tulach, Baile na hAbhann Teil: 93156  
Úinéir: Eoin Ó Dúrcáin

**GRÓSAEIRÍ – GÁS  
NUACHTÁIN – PÉINT**

*Go n-éirí le Féile an Phléaraca!*